An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# Ráiteas Straitéise

2024-2026

# 1 Brollach an Chathaoirligh

Ceapadh mé mar Chathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin, coimisiún nua toghcháin na hÉireann, nuair a bunaíodh é ar an 9 Feabhra 2023 agus is mór an onóir dom anois a chéad ráiteas straitéise reachtúil a chur i láthair mar a éilítear faoin dlí, ráiteas ina leagtar amach a phríomhaidhmeanna, cuspóirí, torthaí agus straitéisí le haghaidh na gcéad trí bliana agus é i mbun oibríochta.

Bhí bunú coimisiúin neamhspleách toghcháin in Éirinn ina chuid den díospóireacht phoiblí leis na scórtha blianta anuas. Léiríonn bunú an Choimisiúin Toghcháin mar chomhlacht reachtúil, neamhspleách an t-aitheantas go gcaithfear daonlathas na hÉireann a chothú agus a fheabhsú, agus go gcaithfear tacú leis, i gcomhthéacs sochaí atá ag athrú go tapa agus dúshláin nua don daonlathas atá ag teacht chun cinn. Tá sainchúram leathan ar an gCoimisiún i dtaobh maoirseacht ar imeachtaí toghcháin, tacú le struchtúir dhaonlathacha trí chéile agus rannpháirteachas, muinín agus eolas an phobail a fheabhsú. I gcásanna áirithe, ghlac sé le feidhmeanna a bhíodh ann roimhe seo, ach tugadh cumhachtaí agus dualgais nua dó freisin chun an daonlathas a chosaint agus a neartú in Éirinn i réimsí an oideachais do vótálaithe, taighde, rannpháirteachas daonlathach a chur chun cinn agus sláine toghchán a chinntiú.

Is cúis áthais dom ár bpríomhaidhmeanna, cuspóirí, torthaí agus tosaíochtaí straitéiseacha a chur i láthair Thithe an Oireachtais agus mhuintir na hÉireann, chomh maith lenár straitéis chun iad sin a bhaint amach. Ina measc siúd tá clár suntasach taighde, go háirithe an staidéar fadaimseartha ar imeachtaí toghcháin atá le bheith ar bun ar feadh na scórtha blianta. Cuirfidh an taighde sin faisnéis luachmhar nár bailíodh roimhe seo ar fáil dúinn a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún príomhthosaíocht eile a chomhlíonadh, is é sin cláir oideachais a cheapadh a fheabhsóidh agus a chuirfidh chun cinn rannpháirteachas níos gníomhaí trí léirthuiscint do thábhacht na rannpháirtíochta daonlathaí a chothú i measc ár n-aosa óig. Chun críche a oibleagáide reachtúla chun maoirseacht a dhéanamh ar imeachtaí toghcháin, tabharfaidh an Coimisiún faoi fheachtais



náisiúnta fadréimseacha chun eolas a thabhairt faoi imeachtaí toghcháin atá ar na bacáin, agus tabharfaidh sé faoi athbhreithnithe i ndiaidh imeachtaí toghcháin. Cuirfidh ról an Choimisiúin i maoirseacht chlár na dtoghthóirí eolas ar fáil chun gur féidir measúnú agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chruinneas agus iomláine an chláir de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an gclár nua-aoisithe. Príomhthosaíocht eile is ea pleananna agus struchtúir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na cumhachtaí rialála nár cuireadh tús feidhme leo fós a chomhlíonadh. Ar deireadh, beidh tábhacht as seo go ceann cúpla mí le lucht saothair a earcú agus cultúr sofhreagrúil agus solúbtha a fhorbairt laistigh den Choimisiún agus an bonneagar riachtanach a bhunú chun tabhairt faoin obair ríthábhachtach sin.

Leis an ráiteas straitéise seo, admhaímid ár n-uaillmhian go mbeadh Éire ina ceannaire domhanda i sláine, rannpháirteachas agus iontaoibh toghcháin. Ar deireadh thiar, tá súil ag an gCoimisiún go gcuirfidh a chuid oibre go mór leis an tsochaí trí leibhéil iomlána na rannpháirtíochta, muiníne agus eolais toghcháin a fheabhsú. Tá mé ag súil le hoibriú le mo chomhghleacaithe díograiseacha agus tiomanta ar fad agus muid ag tapú na ndeiseanna agus ag dul i ngleic leis na dúshláin atá amach romhainn.



**An Breitheamh Uasal Marie Baker**
An Cathaoirleach
An Coimisiún Toghcháin

# 2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

I ndaonlathas ionadaíoch, is iad na daoine foinse na dlisteanachta, agus, le go bhfanfadh an daonlathas sin láidir agus beo, tá sé tábhachtach go mbeadh muinín ag na saoránaigh as ár dtoghcháin agus reifrinn agus astu siúd atá freagrach as sláine an phróisis toghcháin a bhainistiú, a choimirciú agus a chosaint.

Mar cheann de na daonlathais leanúnacha is faide ar domhan, bhí an-iontaoibh i gcónaí ag muintir na hÉireann inár gcóras vótála agus i sláine na dtoghchán sa tír seo.

Ach níor cheart dúinn talamh slán a dhéanamh de sin. Gné shuntasach den mhaolú atá ag teacht ar an daonlathas ar fud na cruinne agus atá á phlé go forleathan is ea na córais faisnéise scoilte deighilte agus na próisis chasta a fhágann daoine le níos lú eolais agus nach bhfuil an mhuinín chéanna acu as an stát agus institiúidí eile, ná fiú as a gcomhshaoránaigh. Tá iontaoibh i gcórais pholaitiúla go háirithe ag laghdú agus d'fhéadfadh mífhaisnéis agus bréagaisnéis ár gcomhtháthú mar shochaí a mhaolú.

Tugann an Coimisiún Toghcháin nua deis don Stát nach bhfaightear ach uair amháin sa saol chun tuiscint agus rannpháirteachas an phobail sa phróiseas daonlathach a fheabhsú agus dul i ngleic le haon dúshláin nua a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Mar eagraíocht bheag, is fearr a bhainfear go leor dár gcuspóirí amach trí chomhoibriú le go leor páirtithe leasmhara difriúla, a bhfuil ról tábhachtach acu ar fad inár ndaonlathas.

Anuas ar an bhfreagracht as raon feidhmeanna toghcháin a bhí ann cheana féin a sannadh orainn – eolas faoi reifrinn, athbhreithniú ar theorainneacha toghcheantar, páirtithe polaitíochta a chlárú – tá mé ar bís freisin faoin méid atá le teacht: na cláir nua taighde, oideachais agus rannpháirtíochta leis an bpobal, maoirseacht ar chlár na dtoghthóirí chun a chruinneas agus iomláine a fheabhsú, agus an deis dul i ngleic leis an bhfadhb a bhaineann le mífhaisnéis agus bréagaisnéis i gcomhthéacs toghchán.



Ar cheann de na chéad spriocanna inghnóthaithe tábhachtacha don Choimisiún nuabhunaithe beidh a chlú a chothú mar fhoinse shaineolach agus iontaofa faisnéise agus comhairle, agus as seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil. Beidh straitéisí réamhghníomhacha chun tuiscint a chothú ar phróisis toghcháin, go háirithe le haghaidh grúpaí nach ndeachthas i bhfeidhm orthu go traidisiúnta, ina réimse fócais ríthábhachtach don Choimisiún as seo go ceann i bhfad.

Ba cheart go mbeadh ár mbun-uaillmhian iontach mór – eagraíocht a thógáil a bheidh faoi bhláth agus faoi rath go ceann céad bliain – agus táim cinnte gur féidir linn an tiomantas sin a chomhlíonadh trínár gcroíluachanna: neamhspleáchas, nuálaíocht, barr feabhais agus comhoibriú. Is mór an phribhléid an eagraíocht seo a stiúradh sna blianta luatha i ndiaidh a bhunaithe.



**Art Ó Laoghaire**
An Príomhfheidhmeannach
An Coimisiún Toghcháin

# 3 Ráiteas Straitéise 2024-2026

**Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún Toghcháin a bunaíodh an 9 Feabhra 2023 ag a bhfuil freagracht as raon leathan d'fheidhmeanna toghcháin a leagtar amach san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.**

**Bíonn ár gcuid oibre dírithe ar ionchuimsitheacht, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht a chinntiú i gcóras toghcháin agus daonlathach na hÉireann ionas go mbeidh iontaoibh i gcónaí ag muintir na hÉireann ar fud na tíre inár dtoghcháin agus a dtorthaí.**

## Ár bhFeidhmeanna

Faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, tá an Coimisiún freagrach as réimse feidhmeanna toghcháin, ina measc:

- Tograí reifrinn a mhíniú, cur chun cinn fheasacht an phobail ar reifrinn agus spreagadh na dtoghthóirí chun vóta a chaitheamh ar reifrinn.
- Tabhairt faoi athbhreithnithe agus tuarascálacha a chur i dtoll a chéile faoi thoghcheantair le haghaidh comhaltaí a thoghadh don Dáil agus do Pharlaimint na hEorpa.
- Tuarascálacha a chur i dtoll a chéile don Aire maidir le teorainneacha toghcháin áitiúil; agus
- Clárú na bpáirtithe polaitíochta.

Leagtar cúraimí ar an gCoimisiún freisin i dtaobh róil nua toghcháin éagsúla, ina measc:

- Cláir taighde a ullmhú agus taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin, agus comhairle a thabhairt, de réir mar is gá, don Aire agus don Rialtas.
- Feasacht an phobail ar phróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a chur chun cinn, agus oibriú chun rannpháirtíocht an phobail iontu a mhéadú, trí chláir oideachais agus eolais.
- Maoirseacht a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí, moltaí a dhéanamh agus caighdeáin a leagan maidir le cothabháil agus nuashonrú.
- Tuarascálacha ex post a ullmhú ar riar imeachtaí toghcháin.



*An Coimisiún Toghcháin – ón taobh clé ar chúl: Peter Finnegan, John Curran, Ger Deering.*
*Ón taobh clé chun tosaigh: Alex Attwood, an Breitheamh Uasal Marie Baker (an Cathaoirleach), Maura Quinn, an tOllamh Emerita Caroline Fennell.*

Leagtar amach freisin san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 na feidhmeanna rialála a chomhlíonfar tar éis thosach feidhme na gcodanna ábhartha den Acht.

- Fógraíocht pholaitiúil ar líne a n-íoctar aisti a rialú, ag cinntiú trédhearcachta maidir le fógraí polaitiúla ar líne.
- Cumhachtaí i leith bréagaisnéis ar líne, mífhaisnéis ar líne agus iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne.

Meastar go leathnófar an tsraith feidhmeanna a leagadh ar an gCoimisiún ar dtús de réir mar a fhorbraíonn sé a chuid acmhainní agus saineolais.

De réir Alt 28 den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, leagfar an Ráiteas Straitéise seo os comhair Thithe an Oireachtais.



# 4 Ár Straitéis

***Is ionann straitéis agus leithdháileadh meabhrach acmhainní srianta trí chóras gníomhaíochtaí chun ár gcuspóir a bhaint amach.***

## 1. Ár gCuspóir

Is é ár gcuspóir an daonlathas in Éirinn a chosaint agus a neartú trí thuiscint, rannpháirtíocht agus iontaoibh an phobail sa chóras toghcháin a fhorbairt.

## 2. Ár nUaillmhian

Tá Éire ina ceannaire domhanda i sláine, rannpháirteachas agus iontaoibh toghcháin. Tá na leibhéil rannpháirteachais in imeachtaí toghcháin is airde ag muintir na hÉireann, agus aithníonn siad iad mar imeachtaí córa, saora agus neamhchlaonta agus tá meas acu orthu dá réir.

## 3. Ár bhFís

Tá iontaoibh as próiseas toghcháin na hÉireann agus meas air mar phróiseas atá cothrom, saor agus neamhchlaonta. Tá muintir na tíre ar an eolas, rannpháirteach agus cumasaithe, as a n-eascraíonn an líon vótálaithe is airde in imeachtaí toghcháin. Trí thuiscint agus rannpháirteachas gníomhach sa daonlathas a fheabhsú, cuireann an Coimisiún Toghcháin in aghaidh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar an bpróiseas toghcháin agus daonlathach.

Trína chláir nuálacha, chothaigh an Coimisiún Toghcháin maoirseacht dhaonlathach in Éirinn, chun leas an phobail.

## 4. Ár gCuid Luachanna

Teastaíonn luachanna agus iompraíocht faoi leith chun go mbainfear ár n-uaillmhian amach, agus muid ag tabhairt faoinár gcuspóir a chomhlíonadh. Sainmhíníonn ár luachanna an chaoi a dtugaimid faoinár gcuid oibre, an chaoi a n-oibrímid mar Choimisiún agus an chaoi a bpléimid le daoine a chónaíonn. Creidimid go bhfuil ár gcuid luachanna an-tábhachtach dár gcultúr, agus riachtanach dár bhfeidhmíocht mar eagraíocht.

Tá éiteas láidir seirbhíse poiblí ag an Státseirbhís a léirítear ina croíluachanna: macántacht, neamhchlaontacht, comhionannas, trédhearcacht, cothroime agus meas a threoraíonn agus a imríonn tionchar ar an gcaoi a thugann sé faoina ghnó. Bíonn na luachanna sin mar bhonn agus taca ag ár gcur chuige i leith ár gcuspóra.

Cinnteoimid, go háirithe, go mbímid cuntasach inár gcuid oibre. Dá réir sin, beimid freagrach agus trédhearcach agus ár dtiomantais á gcomhlíonadh againn. Is cúinse tábhachtach í cuntasacht chun iontaoibh a fhorbairt sa mhéid a dhéanaimid, braistint iontaofachta a chothú agus ár neamhspleáchas a neartú.

Creidimid go bhfuil na luachanna seo a leanas lárnach inár sainordú a bhaint amach freisin.

#### Neamhspleáchas

Gníomhóimid i gcónaí ar mhaithe le leas an phobail. Táimid ionraic, neamhchlaonta agus neamhspleách. Déanaimid na cinntí deacra, gan eagla gan fabhar.

#### Barr feabhais

Déanfaimid gach iarracht gníomhú ar na caighdeáin ghairmiúla is airde sa mhéid a dhéanaimid agus sa chaoi a ndéanaimid iad. Tomhaisfimid ár n-éifeachtacht agus ár dtionchar, idir phearsanta agus eagraíochtúil, agus glacfaimid freagracht as ár


ngníomhartha.  Bunóimid ár gcinntí ar shonraí agus fianaise atá fónta, iontaofa agus bailí.

### Nuálaíocht

Is eagraíocht muid a bhíonn ag amharc chun cinn, ag glacadh go fonnmhar le nuálaíocht chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach.  Bímid seasta ag foghlaim agus ag déanamh iarracht rudaí a dhéanamh níos fearr.  Táimid sofhreagrúil agus spleodrach, ag freagairt go réamhghníomhach don domhan thart timpeall orainn.

### Comhoibriú

Tá meas againn ar chomhghleacaíocht agus comhoibriú, agus aithnímid gur minice a bhaintear amach na torthaí is fearr i gcomhar le daoine eile.



# 5 Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

*Is ionann tosaíocht straitéiseach agus cuspóir a chaithfear a bhaint amach laistigh de thréimhse faoi leith.*

| | Tosaíocht Straitéiseach | Uaillmhian |
|---|---|---|
| 1 | Imeachtaí Toghcháin | Maoirseacht chríochnúil agus thrédhearcach ar na toghcháin agus reifrinn ar fad atá le rith, ag cinntiú na leibhéal is airde sláine, trédhearcachta agus cothroime chun iontaoibh sa phróiseas toghcháin a chothú agus a fheabhsú. |
| 2 | Forbairt Cumais agus Acmhainne | Na daoine cearta san áit cheart ag an am ceart, a bhfuil meas orthu, a dtacaítear leo agus a fhorbraítear in ionad oibre ionchuimsitheach a bhfuil an bonneagar cumasaithe riachtanach mar thaca aige. |
| 3 | Oideachas agus Rannpháirteachas Gníomhach | Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar chách agus feasacht a mhéadú ina measc chun bonn eolais a chur faoi imeachtaí toghcháin agus a bheith rannpháirteach iontu, agus tionchair intomhaiste le brath. |
| 4 | Taighde agus Sonraí | Taighde ardchaighdeáin a fhorbairt a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí, a spreagann díospóireacht eolach agus as a n-eascraíonn/a chuireann bonn eolais faoi mholtaí claochlaitheacha chun ar gcóras daonlathach a fheabhsú. |
| 5 | Maoirseacht ar Chlár na dToghthóirí | Sásra tuairiscithe láidir i bhfeidhm a thugann tuiscint shoiléir do Thithe an Oireachtais agus don phobal ar fheidhmiú an Chláir, muinín as a chruinneas agus a iomláine fheabhsaithe. |

# Tosaíocht Straitéiseach 1: Imeachtaí Toghcháin

**Maoirseacht chríochnúil agus thrédhearcach ar na toghcháin agus reifrinn ar fad atá le rith, ag cinntiú na leibhéal is airde sláine, trédhearcachta agus cothroime chun iontaoibh sa phróiseas toghcháin a chothú agus a fheabhsú.**

**Príomhthoimhde i mbaint amach na tosaíochta straitéise seo is ea go mbeidh na cumhachtaí reachtacha ar fad againn chun ár gcúraimí a chomhlíonadh.**

**Bainfimid an cuspóir seo amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:**

- Straitéis d'fheachtais eolais reifrinn ar fud na tíre a cheapadh agus a chur i gcrích, ar fud cainéil mheáin éagsúla a chuireann eolas ar fáil don phobal faoi reifrinn atá ar na bacáin.
- Athbhreithnithe i ndiaidh imeacht toghcháin atá críochnúil, ionchuimsitheach agus ag a bhfuil tionchar a dhéanamh chun cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus a chur i láthair an Aire.
- Plean straitéiseach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun reachtaíocht intíre agus AE a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun trédhearcacht fógraíochta polaitiúla ar líne i rith tréimhsí toghcháin a chinntiú.
- Plean straitéiseach gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ár gcumhachtaí rialála faoi Chodanna 4 agus 5 den Acht a chomhlíonadh, i ndiaidh a dtosaigh feidhme.
- Uirlisí oideachais, cumarsáide, tuisceana ar na meáin agus uirlisí dea-chleachtais eile a chruthú agus a úsáid chun troid in aghaidh thionchar na gníomhaíochta díobhálaí ar líne ar imeachtaí toghcháin na hÉireann.
- Tionscadail taighde a roghnú go straitéiseach agus a chur ar fáil chun a dtionchar ar dhaonlathas na hÉireann a mhéadú oiread agus is féidir, agus chun ionchur saineolach agus neamhspleách a dhéanamh sa díospóireacht ar athchóiriú agus nuálaíocht bhreise na dtoghchán sa tír seo.

**Na Príomhthorthaí:**

- Feachtas reifrinn forleathan a chuireann an Coimisiún Toghcháin in aithne mar an comhlacht stáit atá freagrach as faisnéis iontaofa a sholáthar ar cheisteanna reifreann.
- Forfheidhmiú agus torthaí rialála cothroma, trédhearcacha agus éifeachtacha.
- Imeachtaí toghcháin feabhsaithe a bhfuil na hathbhreithnithe i ndiaidh imeacht toghcháin mar bhonn eolais fúthu.



# Tosaíocht Straitéiseach 2: Forbairt Cumais agus Acmhainne

**Ár gcuspóir: Na daoine cearta san áit cheart ag an am ceart, a bhfuil meas orthu, a dtacaítear leo agus a fhorbraítear in ionad oibre ionchuimsitheach a bhfuil an bonneagar cumasaithe riachtanach mar thaca aige.**

**Bainfimid an cuspóir seo amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:**

- Daoine oilte, éagsúla agus tiomanta a earcú agus a choinneáil chun a chinntiú go gcomhlíonann an Coimisiún a fheidhmeanna agus a chuspóirí straitéiseacha.
- Trí chóras éifeachtach Foghlama agus Forbartha, cinnteoimid go gcuirtear oiliúint ar ár ndaoine chun a lánchumas a bhaint amach, ról ardfheidhmíochta a chur i gcrích agus dul in oiriúint do thimpeallacht a bhíonn de shíor ag athrú.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta láidre airgeadais agus soláthair ag an gCoimisiún agus cloí leis na hoibleagáidí reachtúla agus ciorcláin ábhartha ar fad, agus luach ar airgead a bhaint amach ag an am céanna ar na ceannacháin ar fad.
- A chinntiú go bhfuil spás oifige ag an gCoimisiún atá oiriúnach don chuspóir, breisithe go digiteach agus sábháilte, rud a chumasaíonn barr feabhais oibríochta agus baint amach a chuspóirí straitéiseacha.

**Na Príomhthorthaí:**

- A bheith inár bhFostaí Is Rogha le Daoine – trí dhíriú ar bheartais coinneála agus ionad oibre nuálach, cruthaitheach agus ionchuimsitheach a fhorbairt.
- A chinntiú go n-aithnítear go luath folúntais, bearnaí scileanna agus earcaíocht thráthúil foirne.
- Cleachtas bunaithe Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus foghlama.
- Príomhbhonneagar TF slán a bhunú chun obair oibríochta agus riaracháin an Choimisiúin a éascú.
- Creat rialachais iomchuí a chur i bhfeidhm.



# Tosaíocht Straitéiseach 3: Oideachas agus Rannpháirteachas Gníomhach

**Ár gcuspóir: Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar chách agus feasacht a mhéadú ina measc chun bonn eolais a chur faoi imeachtaí toghcháin agus a bheith rannpháirteach iontu, agus tionchair intomhaiste le brath.**

**Bainfimid an cuspóir seo amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:**

- Plé leis an gcóras oideachais chun inneachar oideachais éifeachtach a mbíonn tionchar aige ar dhaoine a fhorbairt.
- Rannpháirtíocht leanúnach leis na saoránaigh vótála reatha chun tacú le tionscadail vótálaithe agus iad a fhorbairt.
- Pobail nach ndéantar freastal orthu i gceart a shainaithint, i dteannta comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí chun feasacht a chinntiú ar thionchar agus ar thábhacht an rannpháirteachais in imeachtaí toghcháin agus daonlathacha.
- Straitéis Cumarsáide a bhunú agus a chur i bhfeidhm a chuimsíonn ár gcur chuige ar fud na n-ardán meán ar fad agus a chinntíonn go bhfuil na caidrimh le comhfhreagraithe polaitiúla agus earnála éifeachtach chun teachtaireachtaí tábhachtacha tráthúla a chur in iúl.

**Na Príomhthorthaí:**

- Togra feachtais oideachais ilbhliantúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Sraith acmhainní a fhorbairt chun rannpháirteachas a mhéadú.
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt chun plé le grúpaí oideachais do dhaoine fásta, grúpaí litearthachta, daoine óga, grúpaí míchumais agus imircigh i measc grúpaí eile.
- Prótacail agus nósanna imeachta foirmiúla do chumarsáid an Choimisiúin, ina measc an suíomh gréasáin, an nuachtlitir dhigiteach agus na meáin shóisialta, ar bhealach ionchuimsitheach agus inrochtana.
- Leibhéil arda rannpháirteachais agus rannpháirtíochta inár bpróisis comhairliúcháin agus rannpháirtíochta ar fad.
- Líonra grúpaí ionadaíocha agus cainéil rannpháirtíochta éifeachtacha chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre ar fad.
- Leibhéil arda, sheasmhacha feasachta agus iontaoibhe sa Choimisiún ar fud dhaonra na hÉireann.



# Tosaíocht Straitéiseach 4: Taighde agus Sonraí

**Ár gcuspóir: Taighde ardchaighdeáin a fhorbairt a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí, a spreagann díospóireacht eolach agus as a n-eascraíonn/a chuireann bonn eolais faoi mholtaí claochlaitheacha chun ar gcóras daonlathach a fheabhsú.**

**Bainfimid an cuspóir seo amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:**

- A chinntiú go bhfuil ár dtaighde trédhearcach, críochnúil, bunaithe ar fhianaise agus ionchuimsitheach agus tacaíocht aige ó shonraí láidre, iontaofa agus bailí.
- Dul i gcomhairle go rialta ar ár gClár Taighde agus a chinntiú go bhfuil an Clár oiriúnaitheach agus ag léiriú na bhforbairtí daonlathacha agus taighde idirnáisiúnta is deireanaí.
- Tacú le forbairt na hÉireann mar ionad barr feabhais le haghaidh taighde agus sonraí toghcháin trí acmhainn a fhorbairt agus bainistíocht eolais agus bonneagar sonraí ceannródaíoch a fhorbairt.
- Páirt a ghlacadh go gníomhach i líonraí agus tionscnaimh idirnáisiúnta chun dea-chleachtas a mhalartú agus cur le daonlathas agus sláine toghcháin a chur chun cinn ar fud na cruinne, trí mhonatóireacht ar thoghcháin ina measc.

**Na Príomhthorthaí:**

- Sonraí agus taighde atá substainteach, críochnúil, bailí agus iontaofa a sholáthar ar fud raon leathan córas agus iompraíochta daonlathaí agus toghcháin.
- Taighde a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí agus a chuireann bonn eolais faoi athchóirithe suntasacha toghcháin in Éirinn agus a stiúrann iad.
- Scoláireacht agus taighde a fhorbairt agus a fheabhsú chun bonneagar taighde den chéad scoth a chruthú a chuirfidh bonn eolais faoi obair an Choimisiúin agus tacú le díospóireachtaí poiblí eolacha atá á spreagadh ag sonraí faoin daonlathas agus ár gcóras toghcháin.



# Tosaíocht Straitéiseach 5: Maoirseacht ar Chlár na dToghthóirí

**Ár gcuspóir: Sásra tuairiscithe láidir i bhfeidhm a thugann tuiscint shoiléir do Thithe an Oireachtais agus don phobal ar fheidhmiú an Chláir, muinín as a chruinneas agus a iomláine fheabhsaithe.**

**Bainfimid an cuspóir seo amach ach iad seo a leanas a dhéanamh:**

- Maoirseacht a dhéanamh ar thionscadal nua-aoisithe chlár na dtoghthóirí, trí rannpháirtíocht ghníomhach le húdaráis clárúcháin.
- Measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás clárúcháin a bhaineann le cruinneas agus le hiomláine chlár na dtoghthóirí.
- Teimpléad a fhorbairt le haghaidh tuairisciú bliantúil.
- Cur chuige seasmhach i leith an tionscadail a chinntiú ar fud na n-údarás clárúcháin.

**Na Príomhthorthaí:**

- Bunachar sonraí náisiúnta amháin, atá cruinn agus a ndéanann gach údarás clárúcháin cothabháil air.
- Tuarascáil bhliantúil a chuirtear faoi bhráid an Oireachtais ina leagtar amach:
  - taighde a dhéanann an Coimisiún.
  - measúnú an Choimisiúin ar stádas agus feidhmiú chlár na dtoghthóirí a ndéanann na húdaráis clárúcháin cothabháil air, agus aon mholtaí a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun sláine chlár na dtoghthóirí nó an phróisis clárúcháin a chothabháil agus a fheabhsú.
- Moltaí d'údarás clárúcháin i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna.
- Caighdeáin le haghaidh údaráis clárúcháin i ndáil le clár na dtoghthóirí.
- Moltaí don Aire i leith athruithe reachtacha a bhaineann le clár na dtoghthóirí agus an próiseas clárúcháin.



# 6 Bainistíocht Feidhmíochta Straitéiseach

Athbhreithneofar na tosaíochtaí straitéiseacha mar chuid de phróiseas leanúnach chun a aithint an bhfuil na gníomhartha atá ar bun ag éascú bhaint amach na spriocanna straitéiseacha.




1. Mapáiltear na Spriocanna Straitéiseacha – Sainaithnítear na pleananna agus na gníomhartha a theastaíonn chun na spriocanna a bhaint amach. Socraítear tomhais agus aidhmeanna.
2. Bailítear Sonraí agus Méadracht – Athbhreithnítear gníomhartha reatha agus cuirtear príomhcheisteanna feidhmíochta, m.sh., cé chomh maith a bhfuil ag éirí linn? cé chomh mór agus atá na spriocanna á mbaint amach? Bailítear sonraí chun tacú leis an bhfreagra.
3. Anailísítear na sonraí chun léargais a thabhairt ar chomh maith agus atá ag éirí leis na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

4 & 5. Tuairiscítear ar na léargais chun cinntí agus gníomhartha tráthúla a dhéanamh.

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Lúnasa 2024
ISBN - 978-1-911722-08-3

**An Coimisiún Toghcháin,**
**The Electoral Commission,**
**Caisleán Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2,**
**D02 X8X8.**

@ElecCommIRL

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission